C/2026/4519

21.8.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4519)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Csopak / Csopaki’

Uimhir thagartha AE: PDO-HU-02378-AM01 — 27.5.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Csopak / Csopaki’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Ungáir

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhia

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é an leasú ar shonraíocht táirge ATFC Csopak / Csopaki toisc nach gcomhlíonann sé aon cheann de na coinníollacha maidir le leasú ar leibhéal an Aontais a leagtar síos in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha: níl i gceist leis an leasú athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach. Níl riosca ann dá dheasca go gcuirfeadh sé an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní agus níl tuilleadh srianta ar mhargú an táirge i gceist leis. Leagtar gnéithe an leasaithe amach san iarraidh mhionsonraithe.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Fíonghoirt ina bhfuil aon dlús plandaithe a údarú

Tuairisc

Réasúnú: Tá fíonghoirt sa láthair táirgeachta ilroinnte anois. Ní cosúil go bhfuil tionchar díreach ag an bhforáil maidir le dlús plandaithe inti féin ar cháilíocht na bhfíonchaor a tháirgtear, mar sin tá údar le deireadh a chur leis an tsrian a bhí ann roimhe seo.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Deireadh a chur leis an tréimhse aosaithe

Tuairisc

Cuireadh deireadh leis an tréimhse aosaithe i mbuidéil i gcás na gcineálacha fíona 'hegybor' agus 'dűlős bor'.

Réasúnú: Tá claonadh ann fíonta níos úire ná riamh a chur ar an margadh le blianta beaga anuas. Is féidir é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an gcur chuige roghnaithe (trí dheireadh a chur leis na forálacha maidir leis an íostréimhse aosaithe i mbuidéil) gan na tréithe orgánaileipteacha a leagtar amach sa tsonraíocht táirge a athrú.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Laghdú ar an uaschion aigéid sho-ghalaithe

Tuairisc

Mar thoradh ar athruithe sa reachtaíocht, athraíodh cion uasta aigéid sho-ghalaithe na gcineálacha fíona 'hegybor' agus 'dűlős bor' ó 1,2 g/l go 1,08 g/l.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— II. Tuairisc ar na fíonta

Ceannteidil doiciméid aonair a ndéantar difear dóibh:

— Pointe 6: Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar uastáirgeacht

Tuairisc

I gcás an chineáil fíona 'hegybor', athraíodh an uastáirgeacht ó 63 hl/ha go 70 hl/ha agus ó 9 t/ha go 10 t/ha. I gcás an chineáil fíona 'dűlős bor', athraíodh na luachanna sin ó 39 hl/ha go 56,7 hl/ha agus ó 6 t/ha go 8 t/ha.

Réasúnú: Mar thoradh ar an méadú ar an líon fíniúnacha in aghaidh an heicteáir agus ar an athrú aeráide, is gá na huastáirgeachtaí a leasú chun na fíonta ina bhfuil méideanna iomarcacha alcóil a sheachaint.

Is féidir an cháilíocht a shonraítear do na tréithe orgánacha a bhaint amach ag na táirgeachtaí sin freisin, ach tá an bhuain ag éirí níos neamhiontaofa agus níos deacra a phleanáil mar gheall ar an athrú aeráide. Mar thoradh ar theochtaí atá ag ardú agus frasaíocht atá ag laghdú, bíonn buaint fíonchaor níos tiubhaithe ann. Dá bhrí sin, tá sé an-tábhachtach go mbeadh an fhéidearthacht ann fíonchaora a bhuantar ag táirgeacht éagsúil a úsáid chun an neart alcóil, a d'fhéadfadh a bheith ró-ard, nó an aigéadacht, a d'fhéadfadh a bheith ró-íseal, a chothromú.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— V. Uastáirgeacht

Ceannteidil doiciméid aonair a ndéantar difear dóibh:

— 7.2. Uastáirgeacht

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Luachanna an nirt alcóil iarbhír údaraithe a athrú

Tuairisc

I gcás an chineáil fíona 'hegybor', athraíodh an neart alcóil iarbhír ó 11,5–14 % de réir toirte go 11,0–15 % de réir toirte. I gcás an chineáil fíona 'dűlős bor', athraíodh an neart alcóil iarbhír ó 12,0–14 % de réir toirte go 11,5–14,5 % de réir toirte.

Réasúnú: Mar gheall ar an athrú aeráide, tá an bhuain ag éirí níos neamhiontaofa agus níos deacra a phleanáil. Mar thoradh ar theochtaí atá ag ardú agus frasaíocht atá ag laghdú, bíonn buaint fíonchaor níos tiubhaithe ann, rud nach ndéanann dochar do cháilíocht an fhíona a tháirgtear.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— II. Tuairisc ar na fíonta

Ceannteidil doiciméid aonair a ndéantar difear dóibh:

— Pointe 6: Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Deireadh a chur le meánaois íosta 10 mbliana na bhfíniúnacha i gcás an chineáil fíona 'dűlős bor'

Tuairisc

Réasúnú: Bíonn fíonghoirt sa láthair táirgeachta ilroinnte anois. Ní cosúil go bhfuil tionchar díreach ag an bhforáil maidir le meánaois na bhfíniúnacha inti féin ar cháilíocht na bhfíonchaor a tháirgtear, mar sin tá údar le deireadh a chur leis an tsrian a bhí ann roimhe seo.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Deireadh a chur leis an bhfógra go bhfuil sé beartaithe táirgeadh a dhéanamh

Tuairisc

Réasúnú: Ós rud é go bhfuil an láthair táirgeachta beag agus réasúnta aonchineálach, is furasta a fhíorú go bhfuil fíonsaothrú á chleachtadh gan gá le fógra go bhfuil sé beartaithe táirgeadh a dhéanamh a eisiúint. Dá gcuirfí deireadh leis an mbeart sin, d'fhéadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— VIII. Coinníollacha breise

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Deireadh a chur le cion beacht na mbuidéal de chineál na Burgúine.

Tuairisc

Réasúnú: Bhí roinnt cásanna de dheacrachtaí tromchúiseacha ann maidir le buidéil ghloine a sholáthar le blianta beaga anuas; dá bhrí sin, is leor sainmhíniú ginearálta a thabhairt ar chruth an bhuidéil.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— VIII. Coinníollacha breise

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Csopak / Csopaki’

Uimhir thagartha AE: PDO-HU-02378-AM01 — 27.5.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Csopak / Csopaki’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Ungáir

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Hegybor [‘fíon ó na cnoic’]

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dath glasbhuí éadrom agus dath buí na tuí.

Dea-bholadh

Siollaí bláthacha, mar aon le siollaí citris agus torthaí bána.

Blas

Aigéadach ar bhealach deas. Fíon geal tirim comhchuí, ina bhfuil cothromaíocht idir aigéid agus alcól.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	15
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	4.6
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Dűlős bor ['fíon dáileachta talún']

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dath glasbhuí éadrom agus dath buí na tuí.

Dea-bholadh

Réimse dea-bholaithe bláthacha agus cloiche fliche atá casta ach a bhféadfaí tuairisc a thabhairt orthu mar dhea-bholaithe neodracha.

Blas

Réimse dea-bholaithe bláthacha agus cloiche fliche atá casta ach a bhféadfaí tuairisc a thabhairt orthu mar dhea-bholaithe neodracha, lena mbaineann cumhracht ilsrathach a mhaireann i bhfad. Fíon geal tirim comhchuí, ina bhfuil cothromaíocht idir aigéid agus alcól.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	14.5
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11.5
Aigéadacht iomlán íosta:	4.8
Aigéadacht iomlán íosta:	g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Hegybor ['fíon ó na cnoic']

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Cleachtais fhíoneolaíocha shainordaitheacha:

— ní fhéadfaidh níos mó ná 15 % de na fíonchaora a bheith den chineál 'Furmint';

— ní fhéadfar ach fíonchaora sláintiúla a úsáid;

— aosú ar feadh 4 mhí ar a laghad in umar agus/nó i mbairille;

— féadfar an t-úrfhíon a choipeadh agus gan ach giosta á úsáid nach n-athraíonn dea-bholadh nádúrtha agus saintréithe blais na bhfíonta 'Olasz Rizling' nó 'Furmint'.

Cleachtas fíoneolaíoch

Hegybor ['fíon ó na cnoic']

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Cleachtais fhíoneolaíocha neamhúdaraithe (lasmuigh den reachtaíocht atá ann cheana):

— milsiú

Cleachtas fíoneolaíoch

Dűlős bor ['fíon dáileachta talún']

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Cleachtais fhíoneolaíocha shainordaitheacha:

— ní fhéadfaidh níos mó ná 15 % de na fíonchaora a bheith den chineál 'Furmint';

— ní fhéadfar ach fíonchaora sláintiúla a úsáid;

— aosú ar feadh 5 mhí in umar agus/nó i mbairille;

— féadfar an t-úrfhíon a choipeadh agus gan ach giosta á úsáid nach n-athraíonn dea-bholadh nádúrtha agus saintréithe blais na bhfíonta 'Olasz Rizling' nó 'Furmint'.

Cleachtas fíoneolaíoch

Dűlős bor ['fíon dáileachta talún']

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Cleachtais fhíoneolaíocha neamhúdaraithe (lasmuigh den reachtaíocht atá ann cheana):

— saibhriú

— laghdú aigéadachta

— milsiú

Cleachtas fíoneolaíoch

Rialacha maidir le táirgeadh fíonchaor

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

1. Rialacha maidir le treorú na bhfíniúnacha: Guyot, tródaim meán-aird, tródaim íseal, scáth-threorú, treorú chinn agus cuachthreorú
2. Modh buana: buain láimhe agus buain mheicniúil
3. Cáilíocht na bhfíonchaor (méid íosta siúcra arna shloinneadh mar neart alcóil nádúrtha):

   Hegybor ['fíon ó na cnoic']:

   — Íosmhéid siúcra na bhfíonchaor i ngrád úrfhíona na hUngáire ([MM°], ag 17,5 °C): 17.0

   — Neart alcóil féideartha íosta na bhfíonchaor ([%toirte], ag 20 °C): 10.6

   Dűlős bor ['fíon dáileachta talún']:

   — Íosmhéid siúcra na bhfíonchaor i ngrád úrfhíona na hUngáire ([MM°], ag 17,5 °C): 18.2

   — Neart alcóil féideartha íosta na bhfíonchaor ([%toirte], ag 20 °C): 11.5

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Hegybor ['fíon ó na cnoic']

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	70
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Hegybor ['fíon ó na cnoic']

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	10 000
Aonad uastáirgeachta:	kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Dűlős bor ['fíon dáileachta talún']

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	56.7
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Dűlős bor ['fíon dáileachta talún']

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	8 000
Aonad uastáirgeachta:	kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— furmint — moslavac bijeli

— olasz rizling — olaszrizling

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Limistéir a aicmítear de réir chadastar an fhíonghoirt mar aicme I agus II timpeall lonnaíochtaí Csopak, Paloznak, Lovas, Alsóörs agus Felsőörs.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

1. Tuairisc ar an limistéar críochaithe

(a) Tosca nádúrtha agus cultúrtha

Is éard atá i limistéar táirgeachta críochaithe Csopak an chéad raon cnoc ar chladach thuaidh imchuach thoir Loch Balaton, ar an gcuid den chladach a shíneann ó Csopak go Alsóörs. Is iad dromchlaí na mbunchnoc a bhfuil fána leo agus gruanna measartha géar na gcnoc na príomhlimistéir ina bhfástar fíonchaora. Tá substráit na bhfíonghort comhdhéanta de dhá chineál carraige. Tá carraigeacha de chineál ardtalúin ón Tréimhse Peirmeach Déanach agus ón Tréimhse Thriasach Luath sa seicheamh dríodraigh ar ghruanna na gcnoc, mar aon le brat brablaigh ón Tréimhse Cheathartha. Tá na fo-ithreacha den chomhdhéanamh céanna ar mhórán aolchloiche cumhdaithe le hithreacha foraoise siolta créúla agus lóis de thiús éagsúil. Tá an bhuncharraig faoi dhromchlaí na mbunchnoc atá le fána comhdhéanta de ghaineamhchloch dhearg Pheirmeach, foirmíocht ithreach uathúil ar saintréith de Csopak é, agus clúdaithe le smionagar gaineamhchloiche deirge. Saintréith den réigiún fíona is ea ithreacha atá lán le cailciam,

maignéisiam agus potaisiam. Is é an t-aer fuar a thagann anuas ó ghleannta chnoic Bakony, agus Loch Balaton atá suite ar an taobh theas den limisteár a rialaíonn aeráid Csopak. Tá coillte móra ar chnoic fíonsaothrúcháin Csopak, tá gleannta cúnga doimhne (amhail gleannta Nosztori agus Koloska) mar a bheadh scoilteanna sa tírdhreach. Sin é an fáth, ar laethanta an tsamhraidh, go dtagann aer fionnuar na foraoise in áit an teasa bhogthais a éiríonn suas ó Loch Balaton idir na fíniúnacha mar gheall ar thionchar leoithne an tráthnóna a shéideann i dtreo an locha. Bíonn 1 950 - 2 000 uair an chloig de thréimhsí gréine in Csopak ar an meán in aghaidh na bliana agus meánteocht 11-12 C ann in aghaidh na bliana. Is é 650–700 mm an meánbháisteach bhliantúil (500 mm le blianta beaga anuas), agus bíonn 350 mm báistí ar an méan (200 mm le blianta beaga anuas) ann le linn an tséasúir fáis. Gné ríthábhachtach d'aeráid Csopak is ea gurb é an 5 Aibreán dáta shioc deiridh an earraigh, dáta a mheastar a bheith thar a bheith luath.

(b) Tosca daonna

Tá an tábhacht chéanna leis an bhfíonsaothrú in Csopak le níos mó ná 2 200 bliain. Tar éis na gCeilteach a thug saothrú na bhfíonchaor isteach sa réigiún, bhí traidisiún fíonóireachta dea-fhorbartha sa réigiún faoi Impireacht na Róimhe, mar a deimhníodh leis na móitífeanna fíonchaor a fuarthas ar bhalla tí mhóir a tochlaíodh in Baláca, agus le hiarsmaí siléir ó ré na Rómhánach a fuarthas in Csopak. Ina dhiaidh sin, bhí seilbh ag ríthe na hUngáire, ag an eaglais agus ag na huaisle ar an talamh agus ar na fíonghoirt anseo. In 1018, mar shampla, thug Naomh Stiofán na fíonghoirt áitiúla do chlochar Ghleann Veszprém mar bhronntanas, ach i dteistiméireacht Guden in 1079, doiciméad a mheastar a bheith ar an dara doiciméad oifigiúil is sine san Ungáir agus a bhfuil an leagan bunaidh fós ann, luaitear gur aistríodh fíonghoirt Paloznak chuig úinéireacht na heaglaise. Sna Meánaoiseanna, bhí ról lárnach ag mainistir Bheinidicteach Tihany, an t-úinéir fíonghort is mó as an bhfiche sráidbhaile in aice láimhe, maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an réigiúin fíona. Is toradh é an fhorbairt a rinneadh ar an talamh le haghaidh saothrú fíonchaor ar iarracht dhaonna a rinneadh d'aon ghnó; ar feadh na mílaoiseanna, níor shaothraigh na fíonsaothraithe a bhfuil cónaí orthu ansin ach fíonchaora ar leicne cnoc atá cosanta ar shioc, a théann go tapa, seachas i limistéir ísle riascacha a mbíonn sioc agus galar níos minice iontu. Mar thoradh ar smaointeoireacht dhaonna d'aon ghnó, tá criosanna foraoise ann a scarann fíonghoirt aonair óna chéile, ar criosanna foraoise iad ina bhfuil réimse éagsúil fána. I dtéarmaí fíonsaothrúcháin, is suíomhanna criticiúla nádúrtha iad na criosanna foraoise sin le haghaidh príomhchreachadóirí chun an geimhreadh a chaitheamh. Ceann de na leagáidí fíonsaothrúcháin agus fíonóireachta in Csopak atá ann leis na céadta bliain is ea an cineál 'Olasz Rizling', atá clíomaithe agus atá le fáil go flúirseach sna fíonghoirt agus a bhfuil ról ríthábhachtach aige i dtáirgeadh fíona ansin. Tá saintréithe aeráide agus geolaíocha sa limistéar táirgeachta le haghaidh Csopak, a fhágann go bhfuil sé thar a bheith fabhrach do shaothrú 'Olasz Rizling', arb é príomh-chomhábhar fhíon Csopak é. Tá Csopak ar cheann de láithreáin táirgthe 'Olasz Rizling' is tábhachtaí ó dheireadh an 19ú haois agus samhlaítear fíon Csopak, mar choincheap, leis an 'Olasz Rizling' a thagann ón limistéar sin. Chomh maith le 'Olasz Rizling', tá Csopak ar cheann de na limistéir is tábhachtaí ar Loch Balaton chun 'Furmint' a tháirgeadh; meastar go bhfuil an traidisiún a bhaineann leis an gcineál sin a shaothrú chomh seanbhunaithe céanna. Sular tháinig 'Olasz Rizling' go Csopak, bhí sciar suntasach den táirgeacht fíonchaor áitiúil i gceist leis an gcineál 'Furmint'. Áirithíodh le teacht an chineáil 'Olasz Rizling' agus an cion beag 'Furmint' a cuireadh leis, go bhféadfaí aigéadacht nádúrtha fhíonta Csopak a athshlánú nuair a táirgeadh blianta fíona 'Olasz Rizling' nach raibh chomh haigéadach céanna i mblianta níos teo. Mar thoradh ar an téamh domhanda a bhfuil coinne leis amach anseo, tá an traidisiún sin ag teacht chun cinn arís na laethanta seo.

2. Tuairisc ar na fíonta

Tá boladh discréideach ar fhíonta Csopak / Csopaki agus is saintréith díobh saibhreas cumhrachta agus blais a chinntíonn galántacht fhíonta Csopak. Gné choiteann thábhachtach dá mboladh agus dá mblas is ea an siolla cloiche fliche agus an chaoi nach bhfuil fuarbholadh le brath. I dtéarmaí blais, is é an struchtúr aigéid aibí agus casta an blas is suntasaí agus cinntítear leis brisce agus úire fhíonta Csopak / Csopaki.

3. Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh

Mar gheall ar an bhfrasaíocht le linn an tséasúir fáis agus toilleadh coinneála uisce na barrithreach i réigiún Csopak, is leordhóthanach an soláthar uisce chuig na fíniúnacha fiú ar laethanta teo an tsamhraidh. Ar an gcúis sin, ní chuirtear isteach ar fhorbairt na bhfíonchaor le linn thréimhse ríthábhachtach an tsamhraidh agus ní bhíonn tosca struis ann, agus mar thoradh air sin ní bhíonn fuarbholaithe orthu ná aigéid neamhaibí ghéara iontu. Is é cion ard mianrach ithir Csopak is cúis leis an struchtúr aigéid aibí léiritheach agus na siollaí cloiche fliche a bhíonn le brath ó thaobh blaise de. Mar gheall ar ghathanna na gréine a fhrithchaitear ó dhromchla an locha éadomhain, téann leicne na gcnoc

suas go cothrom san earrach agus bíonn dálaí comhsheasmhacha ann dá bharr sin agus na fíniúnacha ag péacadh. Toisc go mbíonn an lá deiridh seaca go luath in Csopak, is lú seans go mbeidh sioc ann san earrach; dá bhrí sin, fásann na péacáin go cothrom agus forbraíonn duilleoga ar mhéid chuí gach bliain, rud a fhágann go n-aibítear na fíonchaora ar an mbealach is fearr. Tá ról lárnach ag na criosanna foraoise atá suite in aice leis na fíonghoirt i saothrú fíonchaor, toisc go gcoinníonn na creachadóirí a chaitheann an geimhreadh iontu srian suntasach ar na lotnaidí (feithidí amhail fíneoga creachacha). Dá bhrí sin, ní bhíonn céim forbartha thosaigh ríthábhachtach na bhfíonchaor rófhada, rud a fhágann gur féidir le balla duilleog níos airde agus níos sláintiúla forbairt. Áirithítear leis an samhradh te agus le córas ardbhrú na Meánmhara, tar éis laethanta fada grianmhara an fhómhair, go dtéann an fhíniúin isteach go tapa i ndúphas na fótaisintéise i bhfionnuaire an tráthnóna, arb iad na leoithní ó Chnoic Bakony is cúis leis an bhfionnuaire, rud a fhágann go dtagann méadú tapa ar thiúchan siúcra fíonchaor. Bíonn tathag ag fíonta Csopak mar gheall ar an srian nádúrtha uathúil sin. Tá an struchtúr aigéid galánta agus na dea-bholaithe torthaíocha is saintréith d'fhíonta ó Balatonfüred-Csopak ann freisin mar gheall ar aer fionnuar a thagann anuas ó na foraoisí. Ar na leicne cnoic ar a bhfástar fíonchaora, a roghnaíodh thar na céadta blianta, ciallaíonn gluaiseacht leanúnach an aeir agus treorú íseal na bhfíniúnacha go dtriomaíonn drúcht ar na triopaill fíonchaor go tapa, mar sin is annamh a bhíonn galair fhungasacha orthu agus is féidir fíonchaora sláintiúla a bhuain. Bíonn tionchar mór ag na siléir thraidisiúnta ar cháilíocht na bhfíonta. Mar gheall ar struchtúr ithreach Csopak, ní thógtar na siléir áitiúla go hiomlán faoi thalamh, rud a fhágann go mbíonn luaineachtaí suntasacha teochta le brath iontu i gcaitheamh na bliana. Mar thoradh air sin, fuaraíonn na fíonta le linn an gheimhridh agus caomhnaítear a n-úire, d'ainneoin iad a bheith aosaithe i mbairillí adhmaid. Sa samhradh, nuair a ardaíonn teocht na siléar go idir 15 agus 19 gcéim, tarlaíonn deascadh nádúrtha tartráití teas-íogaire agus éagobhsaí. Mar thoradh ar an bpróiseas nádúrtha sin, tá déantóirí fíona áitiúla in ann na fíonta a chobhsú ar bhealach níos éasca, rud a chaomhnaíonn saibhreas a ndea-bholaithe ar bhealach níos fearr dá bhrí sin. Cinntíonn na tosca nádúrtha sin, ina n-iomláine, i gcomhar le saineolas na dtáirgeoirí fíona a bhfuil cónaí orthu sa réigiún atá ann leis na céadta blianta agus a cuireadh ar aghaidh ó athair go mac, go ndéanfar fíonta ardcháilíochta, tathagacha agus léiritheacha ar saintréith de Csopak iad ó thriopaill sláintiúla aibí fíonchaor.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Rialacha maidir le tásca

Creat dlíthiúil

Ón eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

(a) Is féidir an téarma 'védett eredetű' ['de thionscnamh faoi chosaint'] a úsáid in ionad an téarma 'oltalom alatt álló erdetmegjelölés' [ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint].

(b) Téarmaí traidisiúnta arna n-údarú le húsáid, téarmaí eile a bhfuil a n-úsáid srianta, téarmaí lena léirítear an modh táirgthe, agus téarmaí eile a bhfuil a n-úsáid rialaithe: 'szűretlen' [neamhscagtha], 'szemelt' [roghnaithe], 'termőhelyen palackozva' [arna bhuidéalú ar an láthair táirgeachta].

(c) I gcás an chineáil fíona hegybor, féadfaidh na téarmaí 'Hegybor', 'Első Osztályú Hegybor' [fíon den chéad ghrád] nó 'Elsőrangú Hegybor' [fíon den scoth] a bheith ar an lipéad.

(d) I gcás an chineáil fíona 'dűlős bor', d'fhéadfadh na téarmaí 'Első Osztályú Dűlőbor' [fíon den chéad ghrád] agus 'Elsőrangú Dűlőbor' [fíon den scoth] a bheith le feiceáil ar an lipéad.

(e) Ní fhéadfaidh an téarma 'monopol dűlő' ['fíonghort *monopole*'] a bheith le feiceáil ar lipéid na bhfíonta 'dűlős bor' ach amháin sa chás nach bhfásann ach ball amháin de phobal fíona na fíonchaora i ndáileacht talún chríochaithe.

(f) Féadfaidh an t-ainmniúchán 'Balaton borrégió' [réigiún fíona Balaton] a bheith ar an lipéad.

(g) Tá léiriú an chineáil roghnach.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Rialacha maidir le haonaid gheografacha níos lú a chríochú agus a léiriú

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

(a) i gcás na bhfíonta 'dűlős bor', agus i gcás na bhfíonta sin amháin;

(b) céannacht tionscnaimh: 100 %

(c) féadfaidh ainmneacha fíonghort agus dáileachtaí fíonghort a bheith le feiceáil:

— Csopak: Bene, Berekhát, Falukertje, Hegyalja, Kertmög, Kishegy, Kocsikapu, Lőczedomb, Nádaskút, Nagykút, Sáfránkert, Siralomvágó, Szitahegy

— Paloznak: Hajnóczy, Kishegy, Malomhát, Nagyhegy, Sáfránkert, Slikker, Szil, Vöröspart

— Lovas: Kishegy, Öreghegy, Soós, Balogh, Suhatag, Szilfa-dűlő, Téglaházi

— Alsóörs: Gölye-mál, Lok, Kermencs, Kistelek, Máli-dűlő, Suhatag, Telekfő, Sarokföld

— Felsőörs: Kis-hegy, Öreg-hegy, Hosszú, Főszőlők, Pocca, (Nemes-erdei dűlő), Káptalanföldek

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Rialacha maidir le cur i láthair

Creat dlíthiúil

Ón eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

-

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní fhéadfar é a chur ar an margadh ach amháin i mbuidéil ghloine de chineál na Burgúine.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Ceapadh an choiste inniúil áitiúil um meastóireacht ar fhíon

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Coiste um ghrádú fíona Réigiún Fíona Balaton (Balaton Borrégió Borminősítő Bizottsága)

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Cláir, tuairisciú, fógraí

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

-

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Clárlanna:

— cóipeanna de dheimhnithe tionscnaimh (tionscnamh na bhfíonchaor agus an fhíona);

— cóipeanna d'údaruithe margaíochta;

— taifid agus doiciméid a bhaineann le cuairteanna ar an láthair;

— clár siléir;

— cláir arna gcoimeád i gCóras Faisnéise na gComhphobal Fíona (HEGYIR) ag giúistís an phobail fíona atá inniúil don limistéar fíonghort nó don siléar, maidir le táirgeoirí na dtáirgí (clár fíonghort, clár siléar);

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgeachta críochaithe

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Chun fíon Csopak a tháirgeadh, ní fhéadfar na fíonchaora a phróiseáil, úrfhíon a choipeadh agus an fíon a aosú ach amháin i mbardais atá lonnaithe laistigh den limistéar táirgeachta críochaithe, agus in Balatonarács, Balatonfüred, Aszófő agus Balatonszőlős.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://boraszat.kormany.hu/admin/download/b/63/93000/CSOPAK_ver4.pdf